

CINNEADH (AE) 2023/983 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Bealtaine 2023

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Ghrúpa Saineolaithe um an gComhaontú Eorpach maidir le hobair foirne feithiclí ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta de bhóthar (AETR), sa Mheitheal um Iompar de Bhóthar de Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip, agus, más ábhartha, i ndáil le teachtaireacht ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe de bhun Airteagal 21(1) AETR, a mhéid a bhaineann le leasú chun clásal *force majeure* a thabhairt isteach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig an Comhaontú Eorpach maidir le hobair foirne feithiclí ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta de bhóthar (AETR) ⁽¹⁾ i bhfeidhm an 5 Eanáir 1976. Rinneadh é a leasú go deireanach an 20 Mean Fómhair 2010.
- (2) De bhun Airteagal 23(1) AETR, féadfaidh aon Pháirtí Conarthach tograí maidir le leasuithe ar an gComhaontú a chur faoi bhráid Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe. Sula gcuirtear na tograí faoi bhráid Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, pléitear iad sa Mheitheal um Iompar de Bhóthar ('SC.1') de Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) ar dtús.
- (3) Bhunaigh UNECE Grúpa Saineolaithe faoi chuimsiú AETR. Is éard atá sa ghrúpa sin comhlacht a bhfuil sé de chumhacht aige tograí chun AETR a leasú a fhorbairt agus a chur faoi bhráid na Meithele um Iompar de Bhóthar UNECE.
- (4) Tá an Grúpa Saineolaithe um AETR, le linn a 32ú seisiún pleanáilte an 12 Meitheamh 2023, le plé a dhéanamh ar thogra ó Phoblacht na Bealarúise agus ó Chónaidhm na Rúise chun Airteagal 4 AETR a leasú trí chlásal *force majeure* a thabhairt isteach, mar a leagtar amach in ECE/TRANS/SC.1/GE.21/2023/2/Rev.1.
- (5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Ghrúpa Saineolaithe um AETR, agus, más féidir, sa Mheitheal um Iompar de Bhóthar UNECE a bhunú, ós rud é go mbeadh an leasú ar AETR a iarrfar orthu a phlé agus a fhorghluinú ina cheangal faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 23(6) AETR agus go bhféadfaidh tionchar cinntitheach a bheith aige ar inneachar reachtaíochta de chuid an Aontais, eadhon Rialacháin (CE) Uimh. 561/2006 ⁽²⁾ agus (AE) Uimh. 165/2014 ⁽³⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (6) Sa bhreithiúnas uaidhi an 31 Márta 1971 i gCás 22/70 ⁽⁴⁾, d'aithin Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur inniúlacht sheachtrach eisiach de chuid an Aontais é an réimse maidir le hobair foirne na bhfeithiclí ag gabháil d'iompar de bhóthar. Ó shin i leith, feidhmíodh an inniúlacht sin ina lán gníomhartha reachtacha a ghlac comhreachtóirí an Aontais, lena n-áirítear Rialacháin (CE) Uimh. 561/2006 agus (AE) Uimh. 165/2014. Ós rud é go dtagann ábhar AETR faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 561/2006, is leis an Aontas, de bhun Airteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, atá an chumhacht AETR agus na modhnuithe air a chaibidlíú agus a thabhairt i gcrích, agus leis an Aontas amháin.

⁽¹⁾ IO L 95, 8.4.1978, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 3821/85 agus (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1).

⁽⁴⁾ ECLI:EU:C:1971:32.

- (7) Is é is aidhm don leasú atá beartaithe fadhb phraiticiúil de chuid Phoblacht na Bealarúise agus de chuid Chónaidhm na Rúise a réiteach, fadhb is dócha a eascraíonn ón gcogadh foghach atá Cónaidhm na Rúise á chur ar an Úcráin, cogadh ina bhfuil ról comhpháirteach ag Poblacht na Bealarúise, agus arbh é ba chúis le bearta sriantacha a chur i bhfeidhm ar Chónaidhm na Rúise agus ar Phoblacht na Bealarúise. Mar thoradh ar na bearta sriantacha sin, i measc iarmhairtí eile, tá cuideachtaí áirithe arna mbunú san Aontas, lena n-áirítear cuideachtaí a sholáthraíonn go hiondúil cártaí tacagraif dhigitigh agus sliseanna d'údaráis eisiúna chártaí de chuid Chónaidhm na Rúise agus de chuid Phoblacht na Bealarúise, ag cur a gcuid oibríochtaí ar fionraí sa dá thír sin agus leis an dá thír sin. Mar thoradh air sin, maíonn an dá Pháirtí Conarthacha sin go bhfuil sé deacair nó dódhéanta dóibh cártaí tacagraif a sheachadadh ar thiománaithe sna tíortha sin, dá bhrí sin, nach féidir leo AETR a chomhlíonadh agus iad i mbun oibríochtaí iompair idirnáisiúnta de bhóthar a thagann faoina raon feidhme. Faoin leasú atá beartaithe, cheadófaí do Pháirtí Conarthach fógra a thabhairt go haontaobhach nach raibh sé in ann ceann de phríomhriachtanais AETR a chomhlíonadh a thuilleadh, eadhon úsáid trealamh taifeadta chomhchuibhithe i gcás feithiclí ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta (an tacagraf digiteach), ar chúiseanna *force majeure* nach mbeadh faoi réir aon chineál bailíochtaithe nó measúnaithe.
- (8) Cheadófaí faoin leasú atá beartaithe, tar éis do Pháirtí Conarthach dearbhú *force majeure* a thabhairt, gan ceangal a dhéanamh d'úsáid tacagraf digiteach agus cártaí tacagraif dhigitigh i gcás feithiclí arna gclárú sa Pháirtí Conarthach sin agus iad ag gabháil d'oibríochtaí iompair idirnáisiúnta de bhóthar. D'fhágfadh sin go mbeadh sé i bhfad níos deacra comhlíontacht na dtiománaithe leis na tréimhsí tiomána agus scíthe a leagtar amach i bhforálacha eile de AETR a fhorfheidhmiú, agus go gcruthófaí bealach éalaithe is dócha a bhainfeadh an bonn de chuspóir iomlán an AETR.
- (9) Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Ghrúpa Saineolaithe ar AETR agus sa Mheitheal um Iompar de Bhóthar de UNECE, ba cheart don seasamh sin gan tacú leis an leasú atá beartaithe, d'fhonn lagú mór ar fhorfheidhmiú na rialacha maidir le tréimhsí tiomána agus scíthe a leagtar síos in AETR a chosc agus lánfheidhm na mbearta sriantach arna nglacadh ag an Aontas a áirithiú.
- (10) Ní féidir a chur as an áireamh go gcuirfidh Poblacht na Bealarúise nó Cónaidhm na Rúise nó togra leasaithe AETR faoi bhráid Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe go foirmiúil faoi Airteagal 21(1) AETR, gan beann ar an bplé i gcomhlachtaí UNECE. Sa chás sin, ba cheart do na Ballstáit agóid a dhéanamh in aghaidh an togra sin faoi Airteagal 21(2), pointe (a), AETR.
- (11) Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag Ballstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí den Ghrúpa Saineolaithe um AETR agus den Mheitheal um Iompar de Bhóthar UNECE, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach le leas an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Is é seasamh atá le glacadh thar cheann an Aontais ag an 32^ú seisiún den Ghrúpa Saineolaithe um an gComhaontú Eorpach maidir le hobair foirne feithiclí ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta de bhóthar (AETR) agus, de réir mar is ábhartha, ag an gcéad seisiún eile de Mheitheal um Iompar de Bhóthar Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE), nó ag aon seisiún dá éis sin, gan tacú leis an leasú atá beartaithe ar AETR mar a leagtar amach in ECE/TRANS/SC.1/GE.21/2023/2/Rev.1 chun clásal *force majeure* a chur leis, agus chomh maith leis sin gan tacú le haon leasú comhchosúil ó thaobh substainte de.

2. Is iad na Ballstáit den Aontas atá ina gcomhaltaí den Ghrúpa Saineolaithe um AETR agus de Mheitheal um Iompar de Bhóthar UNECE a dhéanfaidh an seasamh dá dtagraítear in mír 1 a chur in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach le leas an Aontais.

Airteagal 2

Más rud é go gcuireann Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe in iúl do na Ballstáit, faoi Airteagal 21(1) AETR, go bhfuil aon Pháirtí Conarthach, gan beann ar an bplé i gcomhlachtaí UNECE, tar éis an leasú a leagtar amach in ECE/TRANS/SC.1/GE.21/2023/2 a mhéid a bhaineann le clásal '*force majeure*' a chur isteach, nó aon leasú comhchosúil ó thaobh substainte de, a mholadh go foirmiúil, is é an seasamh atá le glacadh ag na Ballstáit thar ceann an Aontais go ndéanfar agóid in aghaidh an togra faoi Airteagal 21(2), pointe (a), AETR.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Bealtaine 2023.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. FORSMED
